Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

**An Prionsabal Tosú as an Nua**

Faoin bPrionsabal Tosú as an Nua, ceadaítear d'iarratasóirí i gcúinsí dá leithéid, atá dídhílsithe d'aon leas in áras cónaithe roimhe seo, a bheidh i dteideal iarratas a dhéanamh ar áras cónaithe faoi Scéim Ceannaigh Inacmhainne Údaráis Áitiúil ina gcaithfear leis an iarratasóir go díreach mar Cheannaitheoir Céaduaire chun críocha na scéime seo.

Tá an prionsabal 'Tosú as an Nua' i bhfeidhm maidir le hiarratais ar scéimeanna tithíochta inacmhainne

de chuid an Stáit. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh na catagóirí seo a leanas de dhaoine a bheith i dteideal

iarratas a dhéanamh ar áras cónaithe inacmhainne.

1. Iarratasóir(í) a cheannaigh nó a thóg réadmhaoin roimhe seo in éineacht le céile, le páirtí sibhialta nó le duine eile a raibh dlúthchaidreamh eatarthu agus a bhfuil deireadh tagtha lena bpósadh/páirtnéireacht shibhialta/lena gcaidreamh.  Ar na daoine a d'fhéadfadh a bheith i dteideal iarratas a dhéanamh tá daoine atá colscartha, atá tar éis an réadmhaoin a fhágáil agus atá tar éis iad féin a dhídhílsiú dá leas sa réadmhaoin.

Samplaí d'fhianaise dhoiciméadach:

- comhaontú idirscartha
- ordú cúirte
- mionnscríbhinn ó Aturnae ina ndéantar an t-idirscaradh nó colscaradh a dheimhniú.

2. D'fhéadfadh sé go mbeadh iarratasóir(í) a cheannaigh nó a thóg réadmhaoin chónaithe roimhe seo ach

atá dídhílsithe de sin mar gheall ar imeachtaí dócmhainneachta nó féimheachta

i dteideal iarratas a dhéanamh.

Samplaí d'fhianaise dhoiciméadach:

- Litir ó Aturnae ina ndeimhnítear go bhfuil deireadh le dócmhainneacht nó féimheacht an iarratasóra

  agus go bhfuil aon áras cónaithe a ceannaíodh roimhe seo díolta nó go bhfuil an t-iarratasóir

  iomlán dídhílsithe den áras cónaithe sin mar thoradh ar phróiseas dá leithéid.

3. D'fhéadfadh iarratasóir(í) a raibh úinéireacht acu roimhe seo ar áitreabh sa stát, a bhí i dteideal tairbhiúil áitribh nó ag a raibh leas acu in áitreabh

sa stát agus más rud é, mar gheall ar mhéid an áitribh, nach bhfuil an áitreabh sin oiriúnach do riachtanais reatha chóiríochta theaghlach an iarratasóra, i.e. má tá an teach róphlódaithe, a bheith i dteideal iarratas a dhéanamh.